

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

**Cigireacht Ábhair ar Theicneolaíocht Ábhar (Adhmad)  
agus Staidéar Foirgníochta  
TUAIRISC**

**Coláiste an Eachréidh  
Baile Átha an Rí  
Uimhir Rolla: 76102K**

**Dáta na cigireachta: 17 Aibreán 2012**



**A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F  
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N  
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S**

**TUAIRISC**  
**AR**  
**CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAIS SA TEICNEOLAÍOCHT**  
**ÁBHAR (ADHMAD) AGUS SA STAIÉAR FOIRGNÍOCHTA**

---

**EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT**

<b>Dáta na cigireachta</b>	17 Aibreán 2012
<b>Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu</b> <ul style="list-style-type: none"><li>• Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha</li><li>• Plé leis an bpríomhoide agus leis an múinteoir</li><li>• Caidreamh le scoláirí</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith sé thréimhse ranga</li><li>• Athbhreithniú ar obair na scoláirí</li><li>• Aiseolas don phríomhoide agus don mhúinteoir</li></ul>

**PRÍOMHCHINNTÍ**

- Breathnaíodh teagasc agus foghlaim de chaighdeán ard sna ceachtanna uile agus gnéithe a bhí de shárchaighdeán ó am go chéile.
- Tá an soláthar acmhainne do na hábhair go maith idir threalamh, uirlisí agus chrua is bogearraí do theicneolaíocht an eolais.
- Tá gnáthaimh mhaithe i bhfeidhm chun úsáid na cóiríochta a éascú, aistriú na scoláirí idir an dá chuid den scoil san áireamh.
- Tá an dul chun cinn atá déanta ar chlár oibre a sholáthar do gach grúpa scoláirí le moladh.

**PRÍOMH-MHOLTAÍ**

- Moltar tuilleadh forbartha a dhéanamh ar mhodhanna gníomhacha teagaisc chun barr feabhais a bhaint amach sa ghné seo den teagasc agus foghlaim.
- Ba cheart an chomhphleanáil le múinteoirí ábhar eile a fhorbairt tuilleadh.
- Mar bhreis fhorbartha ar an bplean ábhair moltar go sonróaí na modhanna teagaisc, acmhainní, torthaí foghlama agus modhanna measúnaithe a úsáidfear chun na míreanna foghlama faoi seach a liostáiltear sna clár oibre a chur i láthair.

## RÉAMHRÁ

Is iarbhunscóil lán-Ghaeilge í Coláiste an Eachréidh faoi choimirce Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe. Is scoil chomhoideachasúil, ilchreidmheach í le 105 scoláire ar an rolla. Óna suíomh lárnach i mBaile Átha an Rí, freastalaíonn an scoil ar abhantrach fhairsing in oirthear na Gaillimhe. Déanann gach scoláire clár na hIdirbhliana ina gcuirtear modúl den Staidéar Foirgníochta ar fáil. Tá an scoil ag feidhmiú idir dhá fhoirgneamh faoi láthair agus siúlann na scoláirí ón bpríomhfhoirgneamh go dtí an seomra adhmaadóireachta le haghaidh ranganna sa Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad) (TÁA) agus sa Staidéar Foirgníochta (SF).

## TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Teagasc de chaighdeán ard a breathnaíodh tríd is tríd. Bhí gnéithe áirithe den teagasc sármhaith. Luaitear go háirithe idirdhealú an-éifeachtach i gceacht líníocht na h-adhmaadóireachta inar baineadh sárúsáid as an amharcléiritheoir.
- Ba mhaith mar a baineadh úsáid as piarthaispeáint chun scileanna marcála agus saothraithe an adhmaid a léiriú. Bhí na scoláirí gafa leis an obair agus gníomhach le linn na gceachtanna. Chun barr feabhais a bhaint amach sa bhfoghlaim ghníomhach, moltar breis obair ghrúpa chun níos mó deiseanna foghlama neamhspleácha a fhorbairt do na scoláirí.
- Bhí an bhainistíocht ar na seomraí ranga an-mhaith. Chabhraigh gnáthaimh bhuana le heagrú na gceachtanna, mar shampla le haistriú na scoláirí go dtí an seomra adhmaadóireachta atá ar suíomh eile ón bpríomhscoil agus le dáileadh agus bailiú obair na scoláirí agus trealamh. Chabhraigh an ghné seo den bhainistíocht chun timpeallacht mhaith fhoghlama a chothú.
- Baineadh dea-úsáid as leagan amach an tseomra líníochta ach go háirithe chun foghlaim na scoláirí a éascú. Sa seomra seo bhí deasca na scoláirí cóirithe mar leathchearnóg le líne de cheithre dheasc laistigh. D'oibrigh an leagan amach seo go maith, na scoláirí uile cóngarach do na scaláin agus don gclár bán agus eagrú na scoláirí ina ngrúpaí éascaithe. Bhí gníomhaíochtaí na scoláirí ag a mbinsí féin sa seomra adhmaadóireachta eagraithe go maith.
- Bhí an caidreamh idirphearsanta, idir múinteoir agus scoláirí agus i measc na scoláirí féin, séimh agus dearfach. Chuir an caidreamh seo le héifeacht na dea-thimpeallachta ar an bhfoghlaim.
- Bhí an measúnú comhtháite leis an dteagasc is foghlaim mar is cóir. Choimeád an múinteoir súil ghéar ar dhul chun cinn na scoláirí le linn na gceachtanna. Déantar measúnú rialta ar obair bhaile, ar chóipleabhair agus ar obair phraiticiúil. Soláthraítear torthaí míosúla agus cuirtear torthaí leanúnacha san áireamh le scrúduithe na Nollag agus an tsamhraidh agus na tuairiscí scoile á líonadh.
- Ba í an Ghaeilge teanga an teagaisc agus na cumarsáide sna ceachtanna uile. Cleachtadh saintearmaíocht go nádúrtha agus bhí dul chun cinn suntasach déanta ag na scoláirí in úsáid sainteanga na n-ábhar. Chun tógáil ar an gcaighdeán litearthachta atá bainte amach ag na scoláirí cheana, ba cheart straitéisí a fhorbairt chun a gcuid litearthachta scríofa a chur chun cinn. Ba cheart taispeáint sainteanga agus téarmaíochta sa timpeallacht fhoghlama a mhéadú mar chuid den fhorbairt straitéiseach seo.

## SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá córas cothrom agus éifeachtach i bhfeidhm maidir le rogha na scoláirí an TÁA a staidéar sa timthriall sóisearach. Déanann na scoláirí chéad rogha ábhair roimh theacht isteach sa scoil dóibh. Ansin soláthraítear blaiseadh de na hábhair uile do gach scoláire ag tús na chéad bhliana. Ag an mbriseadh lárthearma sa bhfómhar déanann na scoláirí rogha, le treoir agus comhairle ón bhfoireann teagaisc, ag cur a dtaithe féin ar na hábhair san áireamh.
- Sa timthriall sinsearach soláthraítear rogha ábhair oscailte do scoláirí agus gintear bandaí roghanna, bunaithe ar éileamh na scoláirí chomh fada agus is féidir é. Cuireann taithe na scoláirí san Idirbhliain leis an tacaíocht atá ar fáil acu agus iad ag déanamh roghanna ábhair don chúrsa ardteistiméireachta. Leantar dea-chleachtas maidir le cothromas inscne i roghnú ábhair agus tá sciar na gcailíní a dhéanann staidéar ar na hábhair ag méadú dá bharr.
- Tacaíonn an tráthchlár le dea-theagasc na n-ábhar. Is leor an dáileadh ama chun na siollabais faoi seach a chlúdú. Soláthraítear ceachtanna dúbailte do gach rang-ghrúpa a éascaíonn críochnú na hoibre praiticiúla.
- Ta córas measúnaithe na scoile uile forbartha go maith agus curtha ar fáil do phobal na scoile i bhfoirm clóite. Cloíonn an roinn ábhair leis an mbeartas measúnaithe scoile. Bronntar duais ar an tionscadal dearaidh is fearr sa Teastas Sóisearach agus san Ardeistiméireacht ag searmanas dheireadh na bliana. Cuidíonn an t-aitheantas seo le foghlaim na scoláirí mar chuid den chóras dearfach measúnaithe atá forbartha sa scoil.
- Tacaíonn an scoil le teagasc na n-ábhar trí threalamh, uirlisí, adhmaid, ábhair eile agus acmhainn teagaisc a sholáthar ar éileamh na roinne ábhair. Éascaíonn dea-bhainistíocht ceart-úsáid na n-acmhainní, bainistiú an aistir idir an dá chuid den scoil san áireamh. Tá forbairt mhaith déanta ar úsáid na teicneolaíochta faisnéise agus chumarsáide sna hábhair.

## PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Tá méid na forbartha atá déanta ar chlár oibre do gach rang-ghrúpa le moladh. Mar an chéad chéim eile i bhforbairt plean ábhair don TÁA, moltar na torthaí foghlama atá tuartha, na modhanna teagaisc a úsáidfear, na hacmhainní teagaisc as a mbainfear feidhm agus na modhanna measúnaithe a úsáidfear a shonrú i leith na míreanna foghlama a liostáiltear sna clár oibre. Leagan amach táblaíthe is fearr, a cheaptar, chun na sonraí seo a thairgeadh sa phlean ábhair.
- Chun lánairbhe a bhaint as pleanáil chomhoibríoch don roinn ábhair, ba cheart tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an méid comhphleanála a dhéantar le múinteoirí ábhar eile. Is mór an chabhair í an chomhphleanáil, go háirithe nuair a roinneann múinteoirí modhanna agus straitéisí a oibríonn go maith dóibh. In ábhair le gnéithe comónta, mar shampla obair phraiticiúil ar thionscadail, dearadh na scoláirí agus obair chruthaitheach, is mó buntáiste atá le baint as comhphleanáil. Is gné chomónta do ghach ábhar í an fhorbairt ar scileanna litearthachta. B'fhiú go ndéanfadh na múinteoirí a ghlacann páirt sa chomhphleanáil seo comhordaitheoireacht ar an bpleanáil in uainíocht ar a chéile.
- Bhí pleanáil aonar de chaighdeán ard le breathnú sna ceachtanna uile. Bhí an phleanáil sonrath, le gach ábhar agus trealamh ar fáil do na scoláirí gan stró. Bhí struchtúr maith ar na ceachtanna. Chun tuilleadh feabhais a bhaint amach, b'fhiú na torthaí foghlama lena

mbeifear ag súil a roinnt leis na scoláirí ag tús gach ceachta agus iad a athbhreithniú ag deireadh an cheachta.

- Tá na córais taifeadta agus tuairiscithe ag feidhmiú go maith sa roinn ábhair. Coimeádtar taifead cuí ar an obair agus ar dhul chun cinn na scoláirí. Tugann a múinteoir aiseolas do na scoláirí ar a dtorthaí go rialta. Soláthraítear aiseolas do na tuismitheoirí trí thuairiscí scoile agus ag cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí. Leagtar béim chuí ar úsáid na ndialann scoile mar áis chun comhfhreagras idir múinteoirí agus tuismitheoirí a chothú.

---

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis an múinteoir ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

# **Aguisín**

**FREAGRA NA SCOILE AR AN TUAIRISC**

**Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta**

**Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile**

Tá an scoil sásta leis an tuairisc.

**Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur I bhfeidhm**

Tá moltaí na tuairisce roinnte le pobal na scoile agus tá na moltaí ceánna mar chuid lárnach de scéim pleanála na scoile agus mar réimse suntasach sa bproiseás féin-mheasúnú scoile.